Iarnród na hUaimhe
Navan Railway



# IARNRÓD NA hUAIMHE

## AN BEALACH IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR

## Comhairliúchán Poiblí


NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority
Rialtas na hÉireann Government of Ireland
Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
TETRA TECH
ARCADIS
Iarnród Éireann Irish Rail




## Clár an Ábhair


| | |
|---|---|
| MAIDIR LE hIARNRÓID NA hUAIMHE | 3 |
| PRÍOMHGHNÉITHE IARNRÓID NA hUAIMHE | 5 |
| BUNTÁISTE IARNRÓID NA hUAIMHE | 6 |
| STAIR AN TIONSCADAIL | 7 |
| CUSPÓIR AN TIONSCADAIL | 8 |
| COMHTHÉACS BEARTAIS | 9 |
| AN PRÓISEAS ROGHNAITHE ROGHA | 10 |
| AN BEALACH IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR | 11 |
| AN UAIMH GO CILL MHEASÁIN | 12 |
| CILL MHEASÁIN GO hOLLPHÁIRC M3 | 13 |
| STÁISIÚIN ATÁ BEARTAITHE | 14 |
| NA PRÍOMHÁBHAIR ATÁ LE CUR SAN ÁIREAMH AR AN mBEALACH IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR | 19 |
| NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE CHUN TIONSCADAL IARNRÓID NA hUAIMHE A CHUR I GCRÍCH | 20 |
| COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ | 21 |
| CONAS PÁIRT A GHLACADH | 23 |


**Tá do chuid aiseolais á lorg ag Iarnród Éireann faoin mBealach is Dealraithí a Roghnófar d'Iarnród na hUaimhe**



# Maidir le hIarnróid na hUaimhe

## CAD IS IARNRÓD NA hUAIMHE ANN?

Is é atá i gceist le hIarnród na hUaimhe ná síneadh ar ghréasán Iarnród Éireann. Leis an líne iarnróid nua seo cuirfear iompar poiblí rialta, iontaofa agus inbhuanaithe ar fáil idir an Uaimh agus Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, trí Ollpháirc M3.

Tá an tionscadal ag céim luath den fhorbairt agus tá an Bealach is Dealraithí a Roghnófar aitheanta anois don tionscadal le suíomhanna stáisiúin féideartha san Uaimh Thuaidh, san Uaimh Láir, Cill Mheasáin agus Dún Seachlainn.

Sainaithnítear seachadadh iarnróid comaitéara nua go dtí an Uaimh mar bheart tábhachtach i Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2022-2042 de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI).
Tá forbairt Iarnród na hUaimhe faoi réir ag maoiniú agus ag cead pleanála.

### Cuir do Smaointí i Láthair

Tá Iarnród Éireann á lorg do chuid aiseolais ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar agus ar shuíomhanna stáisiúin féideartha chun bonn eolais a chur faoi dhearadh agus faoi fhorbairt an tionscadail.

**Tá an comhairliúchán poiblí maidir le hIarnród na hUaimhe atá molta ar oscailt go dtí 5in Dé hAoine, an 3 Iúil 2026.**


An Uaimh Thuaidh
An Uaimh
An Uaimh Láir
An Abhainn Dubh
An Bhóinn
Cill Mheasáin
Cill Mheasáin
Dún Samhnaí
Droim Rí
Dún Seachlainn
Dún Seachlainn
Ráth Tó
Cill Dhéagláin
Cill Bhríde
Ollpháirc M3
Dún Búinne
Dún Búinne
Baile an Cheantaigh
An Scrín
Teamhair
Páirc Iathghlas
Damhliag
T
CO. NA MÍ
CO. BHAILE ÁTHA CLIATH
N51
N2
M3
M2
M4
R161
R153
R150
R152
R147
R154
R158
R125
R155
R156
R157
R130
R135
Iarnród na hUaimhe
Navan Railway
An Bealach is Dealraithí a Roghnófar
An tIarnród Comaitéireachta go Baile Átha Cliath atá ann cheana
Láithreacha Stáisiún atá Molta
Stáisiúin atá ann cheana

# PRÍOMHGHNÉITHE IARNRÓID NA hUAIMHE

Ag nascadh pobal feadh an bhealaigh le gréasán iarnróid na hÉireann atá comhtháite agus ag méadú

Seirbhísí díreacha go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath

Síneadh Ghréasáin DART+ go dtí an Uaimh

Aga turais thart ar 1 UAIR AN CHLOIG ó Stáisiún Láir na hUaimhe go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath

Seirbhísí suas le gach 15 nóiméad le linn buaicthréimhsí

Seirbhísí suas le gach 15 nóiméad le linn buaicthréimhsí

BAILE ÁTHA CLIATH

Suas le **63,000 DUINE** laistigh de shiúl, de thuras rothair nó de thuras i gcarr 30 nóiméad ó stáisiún

Suas le **4,400 PAISINÉIR** i ngach treo, in aghaidh na huaire

Suas le **4 MHILLIÚN** gluaiseacht paisinéara gach bliain faoi 2050

**CEITHRE** STÁISIÚN NUA

**34KM** DE RIANTA NUA

**TRÍ LÁTHAIR PÁIRCEÁLA & TAISTIL** ag Stáisiún Thuaidh na hUaimhe, Stáisiún Chill Mheasáin agus Stáisiún Dhún Seachlainn

**GRÉASÁN IARNRÓID LEICTRITHE** trína laghdaítear ár n-astaíochtaí carbóin d'fhonn spriocanna aeráide a chomhlíonadh

**1 TRAEIN = 15 mBUS = 1,028 gCARR**




# BUNTÁISTE IARNRÓID NA hUAIMHE

Cuirfear Iarnród na hUaimhe rogha iompair phoiblí rialta, iontaofa agus inbhuanaithe ar fáil lena bhfeabhsófar nascacht, lena gcumasófar fás agus lena laghdófar astaíochtaí carbóin.



**Síneadh DART+ go dtí an Uaimh**

Beidh Iarnród na hUaimhe ina shíneadh ar DART+ ó Ollpháirc M3 lena dtabharfar seirbhísí iarnróid leictrithe thar a bheith rialta agus ardtoillte paisinéirí chuig an Uaimh.




**Nascacht Fheabhsaithe**

Le hIarnród na hUaimhe déanfar pobail a nascadh feadh an bhealaigh le gréasán iompair phoiblí na hÉireann atá comhtháite agus ag méadú. Is í an Uaimh an baile is mó in Éirinn nach bhfuil suite faoi láthair ar an ngréasán iarnróid.




**Fás & Forbairt a Éascú**

Le hIarnród na hUaimhe déanfar soláthar tithíochta a éascú mar aon le forbairt eacnamaíoch do phobail feadh an bhealaigh atá molta.




**Taisteal Iarnróid Leictrithe**

Le hiarnród leictrithe na hUaimhe spreagfar roghanna iompair inbhuanaithe, ag tacú leis an aistriú go sochaí ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus spleáchas ar charranna príobháideacha á laghdú.



**Rochtain Leathnaithe ar Sheirbhísí**

Trí Iarnród na hUaimhe leathnófar rochtain na bpobal áitiúil ar fhostaíocht, ar oideachas, ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí eile ar fud an bhealaigh atá molta. Leis an tionscadal seo éascófar taisteal ar iompar poiblí chuig Contae na Mí ar mhaithe le comaitéireacht, caitheamh aimsire agus turasóireacht.

# STAIR AN TIONSCADAIL

Is tionscadal nua é Iarnród na hUaimhe. Cuireadh tús leis an bpleanáil agus leis an bhforbairt dó ón tús chun cloí le reachtaíocht reatha na hÉireann agus an AE, chomh maith le beartais an Rialtais. Rinneadh go leor roghanna bealaigh a mheas agus a anailísiú, chomh maith le fás daonra ó 2011 i leith, mar chuid den phróiseas sin chun an Bealach is Dealraithí a Roghnófar a aithint.

Leanann an Bealach is Dealraithí a Roghnófar bealach ar nós an mbuniarnród, agus úsáid á baint as an gconair iarnróid nach bhfuil in úsáid nuair is féidir.

## 1862

Osclaíodh an t-iarnród bunaidh ón Uaimh go Cluain Saileach.

## 1947

Cuireadh deireadh le seirbhísí do phaisinéirí.

## 1963 - 1967

Stopadh seirbhísí earraí in 1963, díchóimeáladh an t-iarnród agus díoladh na tailte.

## 2008 - 2011

Rinneadh oibreacha chun Ollpháirc M3 (Dún Búinne) a athoscailt go dtí cuid Cluain Saileach den iarnród. Cuireadh tús le hoibreacha luathchéime ar stráice na hUaimhe go Ollpháirc M3 ach cuireadh an tionscadal ar feitheamh in 2011 mar gheall ar dhúshláin eacnamaíocha a bhí roimh Éirinn ag an am.

## 2023

Cuireadh tús arís leis an obair chun tionscadal na hUaimhe go Ollpháirc M3 a chur chun cinn nuair a foilsíodh Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Ceapadh Foireann Dearaidh i mí na Samhna 2024.

## 2026

Comhairliúchán Poiblí maidir leis an mBealach is Dealraithí a Roghnófar.



© Cóipcheart - Cumann Taifead Iarnróid na hÉireann (IRRS)



# CUSPÓIR AN TIONSCADAIL

Is é cuspóir uileghabhálach Iarnród na hUaimhe rogha iompair phoiblí atá rialta, iontaofa, comhtháite, inbhuanaithe agus tarraingteach a sholáthar a sholáthraíonn idir-nascacht shábháilte agus le hardlín paisinéirí don éileamh atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo idir an Uaimh, Mórcheantar Chathrach Bhaile Átha Cliath, agus ceantair uirbeacha idirmheánacha.

## Fochuspóirí an Tionscadail


Comhdhlúthú forbartha eacnamaíche dlúithe inbhuanaithe agus fás daonra a chumasú sa limistéar staidéir.

Spleáchas ar an gcarr príobháideach, brú tráchta agus tionchair chomhshaoil ghaolmhara a laghdú. Roghanna taistil inbhuanaithe atá tarraingteach d'úsáideoirí a sholáthar (lena n-áirítear ó thaobh ama turais, poncúlachta, minicíochta, uileghabhálachta, compord agus slándála pearsanta de) nuair atá siad ag roghnú conas rochtain a fháil ar fhostaíocht, oideachas agus seirbhísí san Uaimh, i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus in áiteanna eile sa limistéar staidéir.

Rannchuidiú le spriocanna beartais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla i ndáil le spriocanna dícharbónaithe 2050.

An tionchar ar an timpeallacht áitiúil le linn sheachadadh agus oibriú na scéime a íoslaghdú, agus aon tionchar iarmharach a mhaolú.

Rannchuidiú le sábháilteacht iompair trí mhíleáiste bliantúil feithiclí ar an líonra bóithre a laghdú (le laghdú comhfhreagrach ar líon na dtimpistí taifeadta i gcomparáid le míleáiste iomlán feithiclí) agus aon mhéadú ar líon na bpointí coinbhleachta a theorannú.




# COMHTHÉACS BEARTAIS

Tacaíonn beartas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil go láidir le hIarnród na hUaimhe.

## Beartas Náisiúnta


Tacóidh an tionscadal seo le príomhbheartais lena n-áirítear an tAthbhreithniú ar an bPlean Forbartha Náisiúnta 2025, an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2025 agus an tAthbhreithniú Straitéiseach Uile-Oileáin ar Iarnród. Cuirfidh an tionscadal le huaillmhianta na hÉireann an t-iompar poiblí a dhícharbónú, nascacht réigiúnach agus tuaithe a fheabhsú, agus dlúthfhás agus forbairt eacnamaíoch a chumasú.


## Beartas Réigiúnach

Is cuspóir de Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA) 2022-2042 é Iarnród na hUaimhe a sheachadadh, a bhfuil sé mar aidhm aici 100km de líne iarnróid leictrithe nua a fhorbairt. Aithnítear freisin go bhfuil an tionscadal tábhachtach d'fhás agus d'fhorbairt eacnamaíoch mhór-réigiún an Oirthir agus Lár Tíre.

## Beartas Áitiúil

Tá Iarnród na hUaimhe ag teacht le Plean Forbartha Chontae na Mí agus le pleananna agus beartais áitiúla eile trí chur le forbairt sochaí dea-nasctha agus ísealcharbóin a thacaíonn le fás sóisialta agus eacnamaíoch.













# An Próiseas Roghnaithe Rogha




## AN BEALACH IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR A AITHINT

Breithníodh go leor roghanna féideartha d'Iarnród na hUaimhe tar éis próiseas láidir céim ar chéim atá ar aon dul le treoirlínte 'Creat Measúnaithe Iompair' (TAF) na Roinne Iompair. Baineadh úsáid as an bpróiseas seo chun an Bealach is Dealraithí a Roghnófar agus suíomhanna stáisiúin féideartha a aithint.

### Fadliosta Roghanna

Ba é an chéad chéim ná réimse leathan roghanna iompair phoiblí féideartha a aithint chun an Uaimh agus Ollpháirc M3 a nascadh, lena n-áirítear bealaí éagsúla agus cineálacha éagsúla iompair phoiblí. Mar thoradh air seo, tháinig liosta fada roghanna chun cinn a chomhlíon cuspóirí an tionscadail. Baineadh úsáid as Anailís Ilchritéar (MCA) chun gach rogha a scóráil agus gearrliosta a aithint.

### Gearrliosta Roghanna

Cuireadh liosta gearr le chéile ó na roghanna a fuair na scóir is airde. Rinneadh anailís níos mionsonraithe ar gach ceann de na roghanna sin trí na nithe seo a leanas:


- Dearadh innealtóireachta.
- Costais mhionsonraithe.
- Réamhaisnéisiú um éileamh paisinéirí.
- Meastóireacht timpeallachta agus eacnamaíoch.
- Uirlisí eile amhail Anailís Costais is Tairbhe (ACT), Anailís ar Chost-éifeachtúlacht (ACÉ), agus Meastóireacht Iompair agus Inrochtaineachta (MII) chun luach ar airgead agus tairbhí a mheasúnú.

### An Bealach is Dealraithí a Roghnófar

Is é an Bealach is Dealraithí a Roghnófar, lena n-áirítear suíomhanna stáisiúin, an rogha ar an ngearrliosta a roghnaíodh tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an aschur ón anailís mhionsonraithe.

### An Bealach a Roghnófar

Cuirfidh an aiseolas a fuarthas ón gcomhairliúchán seo le cinneadh an Bealach a Roghnófar don tionscadal.



# An Bealach is Dealraithí a Roghnófar

# AN BEALACH IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR

Is conair leathan é an Bealach is Dealraithí a Roghnófar ina ndéanfar an t-iarnród atá molta mar aon le stáisiúin agus bonneagar gaolmhar eile a láithriú. Le do chuid aiseolais mar chuid den chomhairliúchán poiblí seo cuideofar le beachtú na conaire sin agus an Bealach is Dealraithí a chuirfear chun cinn chuig céim na pleanála (iarratas ar ordú Iarnróid) a dheimhniú.

Leanann an Bealach is Dealraithí a Roghnófar bealach ar nós an mbun-iarnród, agus úsáid á baint as an gconair iarnróid nach bhfuil in úsáid nuair is féidir.

# AN BEALACH ATÁ MOLTA

## AN UAIMH GO CILL MHEASÁIN




Tosaíonn an bealach atá molta ag stáisiún nua san Uaimh Thuaidh, atá suite ar an taobh ó dheas de Bhóthar Ráth Arlain feadh iarlíne iarnróid Dhún an Rí.


Ón Uaimh Thuaidh, ritheann an líne ó dheas feadh an iarnróid nach bhfuil in úsáid, trasnaíonn sí an Abhainn Dubh trí úsáid a bhaint as an droichead iarnróid atá ann cheana, téann sí thar Bhóthar Cheanannais, agus tagann sí le Líne Dhroichead Átha atá ann faoi láthair. Scarann an bealach le Líne Dhroichead Átha ansin ag an bpointe inar nascadh Línte bunaidh na hUaimhe agus Dhroichead Átha le chéile tráth. Trasnaíonn sí Bóthar an Iompair agus sroicheann sí stáisiún nua, An Uaimh Láir.

Ón áit sin, trasnaíonn an líne Bóthar Bhaile Átha Troim agus téann sí amach as Baile na hUaimhe ó dheas, i dtreo mhótarbhealach an M3. Téann an bealach atá molta faoi mhótarbhealach an M3 trí íosbhealach atá ann cheana in Baile Uí Cheanainn.

Leanann an t-iarnród ar aghaidh ó dheas i dtreo Chill Mheasáin, ag trasnú na Bóinne ar dhroichead iarnróid an áirse cloiche bunaidh. Cabhróidh úsáid na ndroichead atá ann cheana le tionchair áitiúla ar an gcomhshaol a íoslaghdú, ós rud é go bhfuil an Bhóinn agus an Abhainn Dubh araon ainmnithe mar Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta.

De réir mar a théann an líne i dtreo Chill Mheasáin, bogann sí ón iarnród bunaidh chun freastal ar stáisiún nua atá suite siar ó shráidbhaile Chill Mheasáin.

# CILL MHEASÁIN GO HOLLPHÁIRC M3




Ó Chill Mheasáin, filleann an bealach molta ar an gconair iarnróid bhunaidh agus leanann sé ar aghaidh i dtreo Dhún Seachlainn.

Ó thuaidh ó Dhún Seachlainn, fágann an bealach an t-iarchonair iarnróid agus casann sé soir. Trasnaíonn an t-iarnród mótarbhealach an M3 chun stáisiún nua atá beartaithe siar ón mbaile a bhaint amach. Cuirfidh an stáisiún seo rochtain áisiúil ar fáil do dhaoine atá ina gcónaí i nDún Seachlainn agus sa cheantar máguaird.

Leanann an líne ansin siar ó dheas, ag trasnú mhótarbhealach an M3 arís sula dtagann sí leis an iarnród nach bhfuil in úsáid. Nascfaidh sé leis an Stáisiún Ollpháirc M3 atá ann cheana, rud a ligfidh do phaisinéirí taisteal ar aghaidh chuig Lár Chathair Bhaile Átha Cliath.

# STÁISIÚIN BEARTAITHE



Tá sé beartaithe ceithre stáisiún nua a chur ar fáil mar chuid de thionscadal Iarnróid na hUaimhe. Tá na stáisiúin seo lonnaithe san Uaimh Thuaidh, san Uaimh Láir, i gCill Mheasáin agus i nDún Seachlainn.

**Déanfaidh tabhairt isteach na stáisiún seo na nithe seo a leanas**



Cónaitheoirí san Uaimh, i gCill Mheasáin agus i nDún Seachlainn a nascadh leis an ngréasán iompair phoiblí comhtháite níos leithne, rud a fheabhsaíonn rochtain ar chúram sláinte, oideachas, fóillíocht agus deiseanna fostaíochta.



Fás eacnamaíoch a spreagadh sa réigiún agus borradh a chur faoin ngeilleagar áitiúil.




Tacú le forbairt dhlúth agus leas a bhaint as acmhainneacht fáis amach anseo, lena n-áirítear tithíocht nua a sholáthar.




Feabhas a chur ar roghanna iompair phoiblí do chónaitheoirí i mbailte agus sráidbhailte in aice láimhe trí shaoráidí Páirceála agus Taistil a sholáthar ag trí stáisiún.

Ag an gcéim seo, tá suíomhanna féideartha do gach stáisiún, a gcuid áiseanna páirceála agus bealaí rochtana, aitheanta. Déanfar tuilleadh forbartha ar shuíomh, dearadh agus gnéithe gach ceann acu de réir mar a théann an tionscadal chun cinn.

# STÁISIÚN THUAIDH NA hUAIMHE




Rochtain ó Bhóthar Ráth Arlain, gar do líne iarnróid as úsáid Dhún an Rí


Aga turais thart ar 1 uair an chloig go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath

Suas le 800,000 gluaiseacht paisinéara tuartha gach bliain

Rochtain dhíreach ar an nGlasbhealach ó Ghleann na Bóinne go Fearann an Locha

| | |
|---|---|
| **Inrochtaineacht Áitiúil** | Suite sa chuid thuaidh de cheantar uirbeach na hUaimhe, freastalóidh an stáisiún seo ar dhaonra mór, le beagnach 39,000 cónaitheoir laistigh de shiúlóid nó de rothaíocht 30 nóiméad ó shuíomh beartaithe an stáisiúin. |
| **Áiseanna Páirceála agus Taistil Áitiúla** | Moltar carrchlós mór ag an stáisiún seo, ag leathnú dobharcheantar an stáisiúin go comaitéirí in aice láimhe ó thuaidh ón Uaimh. |
| **Rochtain ar Áiseanna** | Tabharfaidh Stáisiún Thuaidh na hUaimhe rochtain ar thraein ar áiseanna agus ar thaitneamhachtaí áitiúla, lena n-áirítear an Glasbhealach ó Ghleann na Bóinne go Fearann an Locha, Páirc na hAbhann Duibhe agus an tIonad Fóillíochta Aura |
| **Fás agus Forbairt** | Tacóidh an stáisiún le fás sa cheantar, agus éascóidh sé forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chónaithe. |

# STÁISIÚN LÁIR NA hUAIMHE




Suite idir Bóthar an Iompair agus Bóthar Bhaile Átha Troim (R161)

Aga turais thart ar 1 uair an chloig go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath


Suas le 1,900,000 gluaiseacht paisinéara tuartha gach bliain

Comhtháthú le hiompar poiblí áitiúil

Achar siúil gairid ó lár Bhaile na hUaimhe

| | |
|---|---|
| **Lonnaithe go Lárnach** | Lonnaithe achar gearr ó lár na hUaimhe, freastalóidh an stáisiún seo ar dhaonra suntasach le thart ar 36,000 duine ina gcónaí laistigh de shiúlóid nó rothaíocht 30 nóiméad. |
| **Rochtain ar Leas Coisithe** | Soláthróidh Stáisiún Láir na hUaimhe rochtain shábháilte do choisithe agus do rothaithe. i bhfianaise shuíomh uirbeach an stáisiúin, táthar ag súil go mbeidh teorainn le háiseanna páirceála ach beidh limistéar fágála tacsaí/gluaisteán sa stáisiún agus déanfar iad a chomhtháthú go hiomlán le háiseanna nua-aimseartha inrochtana do choisithe agus do rothaithe. |
| **Idirnascacht** | Tacóidh an stáisiún seo le comhtháthú le seirbhísí bus áitiúla agus déanfaidh sé nascacht idir córacha iompair a éascú. |
| **Rochtain Fheabhsaithe ar an Uaimh** | Cuirfidh Stáisiún Láir na hUaimhe feabhas ar naisc iompair phoiblí le croí uirbeach na hUaimhe, rud a chuirfidh ar chumas paisinéirí rochtain a fháil ar áiseanna lena n-áirítear Ionad Ealaíon Solstice agus Páirc Tailteann. Tacóidh an stáisiún seo le geilleagar an bhaile agus spreagfaidh sé taisteal go dtí an Uaimh le haghaidh oibre, fóillíochta nó turasóireachta. |

# STÁISIÚN CHILL MHEASÁIN




Suite taobh thiar de shráidbhaile Chill Mheasáin agus rochtain air bealach an L2205


Aga turais níos lú ná 1 uair an chloig go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath

Aga turais níos lú ná 10 nóiméad go Stáisiún Láir na hUaimhe

Suas le 200,000 gluaiseacht paisinéara tuartha gach bliain

| | |
|---|---|
| **Nascacht Áitiúil a Fheabhsú** | Méadóidh an stáisiún seo minicíocht agus iontaofacht na seirbhísí iompair phoiblí i gCill Mheasáin go suntasach. |
| **Stáisiún Nua** | Tá sé beartaithe an stáisiún nua seo a lonnú ar shuíomh difriúil ón áit a raibh iar-stáisiún Cill Mheasáin. Tá sé seo chun forbairt ag an suíomh seo a léiriú ó dúnadh an stáisiún bunaidh. |
| **Áiseanna Páirceála agus Taistil Áitiúla** | Cuirfidh carrchlós mór ar chumas cónaitheoirí ó bhailte agus sráidbhailte máguaird taisteal go Cill Mheasáin agus páirceáil ansin sula dtaistealaíonn siad ar aghaidh go dtí an Uaimh nó Baile Átha Cliath. |
| **Nascacht Fheabhsaithe** | Cuirfidh stáisiún Chill Mheasáin feabhas ar an rochtain ar ionaid uirbeacha eile trí iompar poiblí, lena n-áirítear an Uaimh, Dún Seachlainn agus ar aghaidh chuig Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus níos faide i gcéin, rud a chuirfidh leis an rochtain ar oideachas, ar chúram sláinte agus ar dheiseanna fostaíochta. |
| **Forbairt sa Todhchaí a Chumasú** | Cumasóidh an stáisiún seo acmhainn fáis i gCill Mheasáin agus éascóidh sé soláthar tithíochta amach anseo. |

# STÁISIÚN DHÚN SEACHLAINN




Suite taobh thiar de Dhún Seachlainn, gar do mhótarbhealach M3

Aga turais níos lú ná 50 nóiméad go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath

Aga turais thart ar 15 nóiméad go Stáisiún Láir na hUaimhe

Suas le 1,400,000 gluaiseacht paisinéara tuartha gach bliain

| | |
|---|---|
| **Lonnaithe go straitéiseach** | Tá an stáisiún beartaithe suite idir baile Dhún Seachlainn agus Mótarbhealach an M3. Beidh sé inrochtana ón bpríomhshráid sa bhaile agus ón timpeallán ag Stáisiún Seirbhíse M3 Dhún Seachlainn. |
| **Ag Tacú le Forbairt Áitiúil** | Feabhsóidh nasc díreach iompair phoiblí taisteal go Dún Seachlainn agus cabhróidh sé leis an gceantar forbairt mar bhaile fáis féinchothabhálach. Tacóidh an stáisiún le leathnú eacnamaíoch, cruthóidh sé deiseanna nua fostaíochta agus spreagfaidh sé forbairt dhlúth. |
| **Áiseanna Páirceála agus Taistil Áitiúla** | Cuirfidh an stáisiún seo spásanna páirceála ar fáil, ag leathnú a dobharcheantar ionas gur féidir le comaitéirí ó bhailte agus sráidbhailte in aice láimhe rochtain a fháil ar an iarnród nua. |
| **Baile Comaitéi-reachta Faoi Bhláth** | Toisc go bhfuil Dún Seachlainn gar do Bhaile Átha Cliath, is príomhshuíomh comaitéireachta é. Cuirfidh an stáisiún seo nasc iontaofa agus díreach ar fáil don bhaile le lár na cathrach, rud a chumasóidh rochtain ar fhostaíocht, ar thaitneamhachtaí agus ar sheirbhísí do chónaitheoirí, agus a thacóidh le forbairt amach anseo. |

# NA PRÍOMHÁBHAIR ATÁ LE CUR SAN ÁIREAMH AR AN MBEALACH IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR

## Suíomhanna Stáisiún agus a nInrochtaineacht

Cuireadh próiseas láidir roghnaithe rogha céim ar chéim i gcrích chun an Bealach is Dealraithí a Roghnófar a shainaithint. Mar chuid den phróiseas seo, roghnaíodh ceithre shuíomh stáisiúin nua san Uaimh Thuaidh, san Uaimh Láir, i gCill Mheasáin agus i nDún Seachlainn. Cuireadh go leor gné san áireamh chun na suíomhanna seo a aithint, lena n-áirítear cé chomh hinrochtana agus a bheadh gach stáisiún do phaisinéirí féideartha ag taisteal chuige agus uaidh.

Is é is aidhm do na suíomhanna stáisiúin atá san áireamh sa Bhealach is Dealraithí a Roghnófar cothromaíocht a bhaint amach idir inrochtaineacht agus breithnithe tábhachtacha eile amhail costas, srianta innealtóireachta agus gnéithe comhshaoil. Cuirtear fáilte roimh d'aiseolas ar na suíomhanna stáisiúin roghnaithe, agus ar cé chomh hinrochtana agus atá siad duitse.



## Réadmhaoin a Fháil

Beidh ar Iarnród Éireann roinnt réadmhaoin agus talamh a cheannach chun Iarnród na hUaimhe a fhorbairt.

Cé go leanann an Bealach is Dealraithí a Roghnófar an chonair nach bhfuil in úsáid nuair is féidir, níl úinéireacht ag Iarnród Éireann ar na hiar-thailte iarnróid mar díoladh iad sin nuair a dúnadh an líne sna 1960idí. Bogann an Bealach is Dealraithí a Roghnófar ó bhealach na líne neamhúsáidte in áiteanna freisin chun nach mbeidh tionchar aige ar fhorbairtí ó dhúnadh an líne.

Ag an gcéim seo, aithníodh conair atá níos leithne ná an t-iarnród deiridh. Má fuair tú litir uainn, ciallaíonn sé seo go bhfuil do mhaoin laistigh den chonair seo agus d'fhéadfadh go mbeadh tionchar air agus go bhféadfadh go mbeadh gá í a cheannach chun an tionscadal seo a sheachadadh.

Déanfaidh Iarnród Éireann a dhícheall gach úinéir / áititheoir maoine agus talún a d'fhéadfadh a bheith buailte a choinneáil cothrom le dáta de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh agus de réir mar a dhéantar an chonair a bheachtú. Mura bhfuair tú litir uainn agus má tá imní ort go bhféadfadh sé go mbeadh tionchar ag fáil talún ar do mhaoin, déan teagmháil go díreach lenár bhfoireann.

## Breithnithe Comhshaoil

Beidh athruithe ar an timpeallacht áitiúil i gceist leis an tionscadal seo agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar ghnéithe oidhreachta cultúrtha, ar bhithéagsúlacht, ar thírdhreach, ar amhairc agus ar thorann agus ar chreathadh feadh an Bealach is Dealraithí a Roghnófar.

Beidh tionchair shealadacha agus bhuana araon ag baint le hIarnród na hUaimhe maidir leis an timpeallacht agus pobail áitiúla. Déanfar gach iarracht trí dhearadh an tionscadail chun a áirithiú go ndéanfar tionchair dhiúltacha a sheachaint, a laghdú nó a mhaolú a oiread agus a bheidh praiticiúil agus go ndéanfar tionchair dhearfacha a uasmhéadú.

Cuirfear Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) isteach mar chuid den iarratas ar Ordú Iarnróid le haghaidh an tionscadail. San EIAR breithneofar na héifeachtaí dóchúla ar an timpeallacht áitiúil agus, nuair is gá, aithneofar bearta chun éifeachtaí diúltacha féideartha ar bith a mhaolú.

# BEARTA CHUN TIONSCADAL IARNRÓID NA hUAIMHE A CHUR I GCRÍCH





Tá Iarnród na hUaimhe ag céim luath forbartha. Ar feadh na míonna le teacht, breithneofar gach aiseolas a chuirfear isteach chuig an gcomhairliúchán poiblí agus cuirfear obair dheartha bhreise agus staidéir timpeallachta i bhfeidhm. Sa chéad chéim eile sainaithneofar an Bealach Roghnaithe.

Ansin déanfar iarratas ar Ordú Iarnróid (cosúil le hiarratas pleanála) chuig an gCoimisiún Pleanála a ullmhú agus a thaisceadh. Déanfaidh Iarnród Éireann a dhícheall chun an t-eolas is déanaí a thabhairt do pháirtithe leasmhara uile de réir mar a rachaidh an tionscadal trí na céimeanna forbartha.




# Comhairliúchán Poiblí



# CUIR DO SMAOINTÍ I LÁTHAIR

**Tá an comhairliúchán poiblí maidir le hIarnród na hUaimhe atá molta ar oscailt go dtí 5in Dé hAoine, an 3 Iúil 2026.**

Tá do chuid aiseolais, do léargas agus d'eolas áitiúil maidir leis an mBealach is Dealraithí a Roghnófar, ar shuíomhanna stáisiúin agus ar ghnéithe eile tábhachtach maidir le deimhniú an Bealach Roghnaithe don tionscadal. Cuirtear fáilte roimh do thuairimí faoi cheann ar bith de na nithe seo a leanas:

- Dearcthaí a d'fhéadfadh a bheith agat faoin mBealach is Dealraithí a Roghnófar agus láithreacha stáisiún
- Cúrsaí timpeallachta le linn dearadh, thógáil, oibriú nó chothabháil an tionscadail.
- Eolas áitiúil ar cheart don Fhoireann Deartha bheith ar an eolas faoi, dar leat.

Nuair a bheidh sé deimhnithe, foilseofar an Bealach a Roghnófar agus suíomhanna an stáisiúin agus d'fhéadfadh sé go mbeadh siad faoi réir babhta eile de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil.

# CONAS PÁIRT A GHLACADH

## Leathanach Gréasáin an Tionscadail

Tá na líníochtaí agus na doiciméid chomhairliúcháin ar fáil duit le breathnú orthu agus le híoslódáil ar leathanach gréasáin ár dtionscadail ag www.irishrail.ie/navan-line

SCAN ANSEO CHUN CUAIRT A THABHAIRT AR LEATHANACH GRÉASÁIN AN TIONSCADAIL

## Foirm Aiseolais ar Líne

Líon agus cuir isteach ár bhfoirm aiseolais ar líne go tapa agus go héasca ag: bit.ly/navan-railway-feedback

SCAN ANSEO CHUN AN FHOIRM A LÍONADH ISTEACH

## Imeachtaí

Tá sraith imeachtaí faisnéise ar an láthair agus ar líne beartaithe le linn na tréimhse comhairliúcháin d'aon duine ar mian leo tuilleadh eolais a fháil faoi na tograí nó ceisteanna a chur ar fhoireann an tionscadail.

Má tá aon cheist agat nó más mian leat aighneacht a dhéanamh ar an bhfón nó i scríbhinn, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le foireann an tionscadail trí:

**Ríomhphost:** navan@irishrail.ie

**Fón:** (01) 703 4451

**Post:** Tionscadal Iarnród na hUaimhe, Iarnród Éireann, Teach Mhargadh an Fhéir, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7, D07 CF98

## Conas a phróiseálfar do chuid aiseolas

Breithneoidh foireann tionscadail Iarnród na hUaimhe na haighneachtaí go léir a rinneadh le linn na tréimhse comhairliúcháin phoiblí. Úsáidfear an t-aiseolas a gheofar chun bonn eolais a chur faoi dhearadh agus faoi mheasúnuithe comhshaoil an tionscadail chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na chéad chéime eile den fhorbairt chun an Bealach a Roghnófar a aithint. Foilseofar tuarascáil ina ndéanfar achoimre ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin seo agus faoin dóigh ar threoraigh sé forbairt an dearaidh.

Iarnród na hUaimhe
Navan Railway

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

TETRA TECH

ARCADIS

Iarnród Éireann
Irish Rail